

☼ An Lúibín ☼

5 Bealtaine 2013

Litríocht na Gaeilge ar fud an domhain: cruthú, caomhnú agus seachadadh téacsanna Gaeilge i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta

Comhfhiontar de chuid Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, agus Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloidas Éireann agus na Teangeolaíochta, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Dátaí: Déardaoin – Satharn: 20-22 Feabhra 2014


Ionaid: Teach Newman, Faiche Stiabhna agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach

Ó breacadh an dán ‘Messe ocus Pangur Bán’ i dtús an naoú haois i lámhscríbhinn atá anois i mainistir Naomh Pól i gCarinthia (Kärnten, i ndeisceart na hOstaire), tá gnéithe de litríocht na Gaeilge á saothrú i gcomhthéacsanna éagsúla taobh amuigh d’oileán na hÉireann. Cad é an gaol idir scéalta taistil agus imirce na nGael agus cumadh, caomhnú agus seachadadh an léinn agus na litríochta ag tréimhsí éagsúla i stair chultúrtha na tíre? Cad iad na meáin agus na próisis chultúrtha a chuaigh i bhfeidhm ar litríocht na Gaeilge i gcomhthéacs diaspórach? Cad iad na seánraí nua a tháinig chun cinn agus cén ról a bhí ag pobail agus ag gréasáin thrasnáisiúnta i bhforbairt na litríochta in Éirinn féin? Cé chomh tábhachtach is atá an toise idirnáisiúnta do shaothrú an léinn agus na litríochta sa Ghaeilge sa lá atá inniu ann? Cad é ról na teicneolaíochta digítí i gcothú scríbhneoireacht, léitheoireacht agus scoláireacht na Gaeilge i gcomhthéacs domhanda?

Is é cuspóir na comhdhála seo ná scoláirí Gaeilge ó chian is ó chongar a thabhairt le chéile leis na gnéithe idirnáisiúnta seo de léann na litríochta a chíoradh.

Fáiltítear roimh thairiscintí páipéir (20 nóiméad) nó painéil (triúr cainteoirí) as Gaeilge i réimse ar bith de Léann na Gaeilge a bhaineann le téama idirnáisiúnta na comhdhála. Ar na topaicí a mbeadh fáilte rompu, tá:

- * Cruthú agus seachadadh téacsanna liteartha
- * Saothrú na lámhscríbhinní i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta
- * Bailiú, caomhnú agus foilsíú ábhair ón traidisiún béil
- * Gréasáin liteartha
- * Cultúr an chló
- * Litríocht na himirce – seánraí éagsúla
- * Litríocht an taistil – tréimhsí éagsúla
- * Litríocht na Gaeilge agus an diaspóra Éireannach
- * Coincheap na litríochta trasnáisiúnta
- * Iriseoireacht na Gaeilge ina comhthéacs idirnáisiúnta
- * Litríocht na n-óg
- * Léann na scannán
- * Tionchar litríochtaí eile ar litríocht na Gaeilge
- * Traidisiúin an aistriúcháin



- * Foilsitheoireacht na Gaeilge
- * Litríocht na Gaeilge agus na meáin dhigiteacha
- * An chritic chomparáideach
- * Pobail léitheoireachta

Aoichainteoirí: Tá cuireadh glactha ag na cainteoirí seo a leanas:

An Dr William Mahon, Ollscoil na Breataine Bige, Aberystwyth
 An Dr Máire Ní Mhaonaigh, Ollscoil Cambridge
 An Dr Niall Ó Ciosáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
 An tOllamh Pádraig Ó Macháin, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
 An tOllamh Pádraig Ó Siadhail, Ollscoil Naomh Muire, Halifax

Réimsí nua scoláireachta – painéal ar leith:

Cathaoir: An tOllamh Brian Ó Conchubhair, Ollscoil Notre Dame, Indiana
 An Dr Radvan Markus, Ollscoil Shéarlais, Prág
 An Dr Deirdre Ní Chonghaile, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
 Ailbhe Ní Ghearbhuigh MA, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Cuir achoimre (250-350 focal), nóta beathaisnéise (100 focal), agus sonraí teagmhála (seoladh institiúide, seoladh r-phoist, fón póca) chuig comhdhail.14@spd.dcu.ie

Spriocdháta le haghaidh tairiscintí: 1 Meán Fómhair 2013

Tá sé i gceist againn rogha páipéar a fhoilsiú mar chnuasach aistí i ndiaidh na comhdhála. Cuirfear tuilleadh sonraí faoin bhfoilseachán sin ar fáil ar ball.

Tá tuilleadh eolais faoin gcomhdháil ar fáil ag:

<http://www.spd.dcu.ie/site/gaeilge/Comhdhail14.shtml>

Coiste Eagraithe: an Dr Meidhbhín Ní Úrdail (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath), an Dr Ríona Nic Congáil, an tOllamh Máirín Nic Eoin, an Dr Pádraig Ó Liatháin (Coláiste Phádraig, Droim Conrach).



Teagasc

D'fhéadfaí a áitiú gur bac ar athchóiriú na Gaeilge Éigeantaí iad na gaelscoileanna. Ba bhaoth an mhaise don té a chuirfeadh a chlann chun scoile lán-Bhéarla agus súil aige go mbeadh Gaeilge ar a dtail acu dá bharr; ach má tá córas eile ann a dhéanfaidh an gnó, cén fáth a gcuirfeadh an Roinn de stró uirthi féin (thar mar a rinne sí cheana) an drochscéal a leigheas sna scoileanna lán-Bhéarla?

Insíonn staidrimh de chuid Ghaelscoileanna Teo cuid den an scéal. Thaispeáin figiúirí a bailíodh don scoilbhliain 2011/2012 go raibh 43,133 daltaí bunscóile ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge sa Phoblacht agus i dTuaisceart Éireann araon (31,050 dalta i dTuaisceart Éireann). Tá 141 bunscóil lán-Ghaeilge sa Phoblacht agus 35 cinn i dTuaisceart Éireann. Tá 36 iar-bhunscóil sa Phoblacht (8,427 dalta) agus cúig cinn i dTuaisceart Éireann (752 dalta).

Borradh é ar tharla an chuid is mó de ar feadh daichead bliain. Ní raibh ach aon bhunscóil déag agus cúig iar-bhunscóil ann nuair a bunaíodh Gaelscoileanna Teo sa bhliain 1972. Is léir, áfach, go

bhfuil dianghá le breis coláistí lán-Ghaeilge. Is iomaí dalta a chaith ocht mbliana ag foghlaim trí Ghaeilge agus na blianta ina dhiaidh sin ag foghlaim trí Bhéarla cheal meánscoil lán-Ghaeilge.

Mholfadh daoine éigin gur chóir reifreann a chur ar bun chun go mbrisfí an nasc idir an Stát agus an teanga agus an Ghaeilge a aithint mar theanga oifigiúil sa Ghaeltacht. Chuirfí ar chumas Údarás na Gaeltachta feidhmiú mar pharlaimint réigiúnach agus chuirfí an ghaelscolaíocht faoina chúram. Chosnófaí an Ghaeilge mar theanga réigiúnach de chuid na hEorpa. Ní moladh é a nglacfaí leis, ar ndóigh, go háirithe agus an Ghaeltacht féin ar an dé deiridh.

Idir an dá linn tá Conradh na Gaeilge ag iarraidh ar an Rialtas gan cur isteach ar bheartas rollaithe na scoileanna lán-Ghaeilge maidir le cúlra Gaeilge na dtuismitheoirí agus na ndaltaí. Deir an tAire go ndiúltaíonn gaelscoileanna áirithe daltaí a rollú murab í an Ghaeilge príomhtheanga an teaghlai, rud nach dtaitníonn leis. Dá bhrí sin, tá an Roinn Oideachais chun beartas rollaithe amháin a chur i bhfeidhm do gach scoil, ach chuir Uachtarán Gaelscoileanna Teo in iúl gurb é an fhíorfhadhb atá ann nach bhfuil an soláthar ag teacht leis an éileamh.



Séamas Goodman, fear ceoil

Ar 16 Aibreán 2013 thug Miriam Uí Dhonnabháin, scoláire ó Éirinn, caint ag seimineár léinn Éireannaigh i gColáiste Newman, Olscoil Melbourne. Ba é ábhar a cainte Séamas Goodman (1828-1896), píobaire, bailitheoir ceoil, file Gaeilge agus ministir de chuid Eaglais na hÉireann. An teideal: 'The James Goodman song manuscript of 1857'.

Tá iomrá éigin le Goodman i measc píobairí de bharr *Tunes of the Munster Pipers*, leabhar a d'fhoilsigh Hugh Shields sa bhliain 1998 ó lámhscríbhinní le Goodman i leabharlann Choláiste na Tríonóide. Rud eile is ea lámhscríbhinn na bliana 1857: thángthas uirthi sa bhliain 2006. Bhí Goodman ag cur léi anuas go dtí 1870 ar a laghad agus tá ábhar de gach saghas ann. Tá nótaí ann a bhreac sé síos ó leabhair, gearrthóga, dánta óna láimh féin agus ó láimh daoine eile, ceol píobaireachta agus focail trí amhráin agus ceithre fichid.

Bhí muintir Goodman in Éirinn faoin mbliain 1620; b'as Gloucestershire dóibh ó dhúchas, agus idir chléir agus cheoltóirí le fáil ina measc. Bhí beirt dearthár ag Séamas: Seán agus Seoirse. Ba é an tUrramach Thomas Chute Goodman, reachtaire sa Daingean, a n-athair, agus ba í Mary Gorham a máthair. Ar fheirm taobh thiar den Daingean a tógadh iad, agus bhí a muintir i ndlúthchaidreamh riamh leis an nGaeltacht a bhí ina dtimpeall.

Bhíodh na deartháireacha ag labhairt Gaeilge eatarthu féin agus ag scríobh chun a chéile sa teanga. Bhí suim acu go léir sna lámhscríbhinní. Is dócha gur thosaigh Séamas ag píobaireacht agus é ina dhéagóir. B'amhránaí maith é agus bhíodh sé ar a dhícheall ag bailiú amhrán.

Chuaigh Séamas i mbun staidéir i gColáiste na Tríonóide sa bhliain 1846 sula raibh sé i aois a fhiche bliain, agus faoin am sin bhí sé ag bailiú amhrán – tá litir chuige ó Phádraig de Lónra agus leagan de 'An Buachaill Caol Dubh' inti. Oirníodh é sa bhliain 1853 agus bhíodh sé ag obair ar son an Irish Missionary Society mar mhinistéir cúnta in iarthar Chorcaí ó 1852 amach. Bhí Goodman ina chónaí i Dhá Dhrom i mBéarra idir na blianta 1858 agus 1867 agus ba sa tréimhse sin a bhailigh sé an chuid ba mhó den cheol a bhí aige. 2,300 foinn ar fad a bhailigh sé, agus 900 ceann díobh bailithe aige féin. Dhéanadh Goodman píoba a dheisiú saor in aisce, rud a mhealladh a lán píobairí fáin chuige. Ba mhínic ceoltóirí ar aócht aige ar feadh seachtaine d'fhonn ceol a bhreacadh uathu: fuair sé timpeall 700 fonn ó aon fhear amháin, Tom Kennedy, Corcaíoch.

Ceapadh Goodman mar bhíocaire i Mainistir an tSruthair in 1867, agus sa bhliain 1879 ceapadh é mar Ollamh le Gaeilge i gColáiste na Tríonóide. Thugadh sé daoine isteach ina sheomraí chun go n-

éistfidís leis ag seinm. Ar an dea-uair, tháinig duine dá mhuintir, Gavin Goodman, ar lámhscríbhinn na bliana 1857 sa bhaile i Sasana sular cartadh í, agus thug leis go dtí Éire í sa bhliain 2006; bhí timpeall 85 amhrán agus blúirí d'amhráin ann, agus bhronn Gavin Goodman na lámhscríbhinní ar Leabharlann Choláiste na Tríonóide.



Na Scigirí: Oileáin Faró agus na nGael

Tá ocht n-oileán déag sna Scigirí (a dtugtar Oileáin Faró orthu go hoifigiúil), caolais chúnga eatarthu agus gréasán tollán, droichead, cabhsaí agus báid farantóireachta ag ceangal na n-oileán go léir. Is é Tórshavn an phríomhbhaile. Tá siad le fáil san Atlantach Thuaidh idir an Iorua, an Íoslainn agus Albain: oileáin ghlasa ghaofara. Deirtear gurb é an bunús atá le 'Faró' an focal sean-Lochlainnise *fár* "stoc", focal ar eascraíodh *fær-øer* (oileáin na gcaorach) uaidh. Scéal eile is ea na 'Scigirí', focal a thagann, b'fhéidir, ó *eyja-skeggjar* ('oileán-fhéasóga'). Bolcáin a chruthaigh na Scigirí idir caoga agus seasca milliún bliain ó shin: d'fhág siad sraitheanna malartacha basailt agus tufa (luaith bholcánach) ina ndiaidh. Lean an creimeadh é sin, rud ba chúis leis na poirt rite agus na lochtáin atá anois ann. Bíonn gaoth láidir aniar ann agus agus rosa déanta thiar ag ionsaí na farraige dá bharr, rosa ar minic ealtaí móra ann. Níl an aeráid ródhian, a bhuíochas sin ar Shruth na Murascaille, agus tá neart féir ann dá bharr. Bhí an-tábhacht riamh, mar sin, le beithígh agus caoirigh; agus is mó fós an tábhacht atá le hiascaireacht anois. Sa bhliain 2012 bhí 49,483 duine ann; is líomhaire fir ná mná, agus tá claonadh ag an daonra chun dul i laghad, go háirithe agus a oiread daoine óga ag dul thar lear.

B'fhéidir gur chuir manaigh Éireannacha ann go luath sa séú haois; is cinnte gur lean lonnaitheoirí Lochlannacha iad ó Inse Ghall, ó Oileán Mhanann, agus ó Inse Shealtainn timpeall na bliana 800, agus go raibh lonnaitheoirí ón Iorua ann faoin mbliain 900. Bhunaigh siad oireachtas ann; ach san 11ú haois tháinig na hoileán faoi smacht Rí na hIorua, agus nuair a nascadh ríochtaí na hIorua agus na Danmhairge sa bhliain 1380 tháinig na Scigirí faoi smacht na nDanar. (Scar an dá ríocht sa bhliain 1814, ach ba chuid den Danmhairg na Scigirí fós.) Ghéill na na Faróigh don Reifeirméisean: inniu féin is iad na Liútarraigh an dream is láidre i gcúrsaí creidimh agus ina dhiaidh sin na Plymouth Brethren (10%). Anuas go dtí an bhliain 1856 ní cheadaítí do na Faróigh trádáil a dhéanamh murar tríd an Danmhairg é. Faoin am sin bhí athruithe ar bun: athbhunaíodh oireachtas áitiúil (an *Løgting*) agus bhíodh beirt teachtaí ó na Scigirí i bparlaimint na Danmhairge; ina theannta sin thosaigh daoine ag cur na Faróise chun cinn mar theanga oifigiúil. Tháinig toradh air seo ón mbliain 1938 amach; tugadh comhstádas don Fharóis agus don Danmhairgis sna scoileanna agus i gcúrsaí riaracháin.

Sa Dara Cogadh Domhanda ghabh na Briotanaigh na Scigirí; d'fhág sin a rian ar bhia na n-oileán – iasc le sceallóga agus seacláid Cadburys, rudaí nach dtiocfá orthu sa Danmhairg.

Tá rialtas dúchais ag na Scigirí inniu agus tá ollscoil ann; tá timpeall 500 mac léinn ag obair ag an tríú leibhéal sa bhaile, ach téann a bhformhór thar lear; tá timpeall 1,000 sa Danmhairg go háirithe. Tá tabhacht ar leith anois le feirmeoireacht éisc, agus tá poist freisin sna longcheartaí agus i monarchana a dhéanann trealamh iascaireachta.

Tá tionscadal ar bun anois chun seicheamh DNA gach Faróch a thaifeadadh ar son taighde leighis ar fud an domhain. I ndaonra beag is minic géinte cúlaitheacha ann; sna Scigirí is mór an baol í *uireasa iompróra cairnídín*, galar géiniteach a fhágann gan fuinneamh thú agus is cúis uaireanta le breith anabái (cé gur féidir daoine a chóireáil ina aghaidh).

Tá gaol ag an teanga le canúintí iarthar na hIorua, agus sa bhliain 1854 foilsíodh litriú caighdeánaithe. Tá rian stairiúil na sean-Lochlainnise air ach is minic nach bhfuil sé ag cur go dlúth leis an bhfuaimniú. Níor bhac sé seo fás na litríochta nua-aimseartha. Fáisceadh roinnt mhaith scríbhneoirí as na Scigirí (agus roinnt acu ag scríobh i nDanmhairgis).

Rian na nGael

Tá sé ráite gur chuir manaigh Éireannacha fúthú ar na Scigirí roimh theacht na Lochlannach. Más ea, ní furasta é sin a chruthú. Deirtear uaireanta go bhfuil fianaise le fáil in *Navigatio Sancti Brendani Abbatis (Iomramh Naomh Bréanainn)*, saothar a cumadh sa 10ú haois, is dócha, agus cuntas ann ar thuras a rinne Bréanainn (Breandán) (484 – c. 577) ar lorg tír tairngire.¹ Tagann sé féin agus na manaigh eile ar a lán oileán: ar cheann amháin acu feiceann siad tréada móra caorach bán (agus bhí ainm na gcaorach ar na Scigirí riamh): *Perambulantes autem illam insulam invenerunt diverses turmas ovium unius coloris id est albi ita ut non possent ultra videre terram prae multitudine ovium.*² Is léir, áfach, gur meafar naofa atá i gceist anseo. Tagann siad ar oileán eile freisin a bhfuil cosúlacht éigin aige leis na Scigirí – caolas idir é agus an t-oileán is gaire dó, féarach ann agus coillte, agus é faoi bhláthanna: *Cum autem navigassent juxta illam insulam per triduum antea et venissent at summitatem illius contra occidentalem plagam viderent aliam insulam prope sibi junctam interveniente freto magno herbosam et memorosam plenamque floribus et ceperunt querere portum per circuitum insulae.*³ Má tá cosúlacht ann, áfach, is cosúlacht fhánach í.

Is mó a ghéilleann scoláirí do chuntas Dicuil (c. an dara cuid den 8ú haois), manach Éireannach a bhí ina chónaí, is dócha, i gceann de na mainistreacha Éireannacha i Ríocht na bhFranc. Scríobh sé *De mensura Orbis terrae*, achoimre d'eolas ar thíortha an domhain agus cuntas inti ar oileáin áirithe thuaidh:⁴

Sunt aliae insulae multae in Septentrionali Britanniae Oceano, quae a septentrionalibus Britanniae insulis duorum dierum ac noctium recta navigatione, plenis velis, assiduo feliciter adiri queunt. Aliquis presbyter religiosus mihi retulit quod, in duobus aestivis diebus, et una intercedente nocte, navigans in duorum navicula transtrorum, in unam illarum intrivit. Illae insulae sunt aliae parvulae; fere cunctae simul angustis distantes fretis, in quibus in centum ferme annis heremitae ex nostra Scotia navigantes habitaverunt, sed, sicut a principio mundi, desertae semper fuerunt; ita, nunc causa latronum Normannorum, vacuae anachoritis, plenae innumerabilibus ovibus, ac diversis generibus multis nimis marinarum avium. Nunquam eas insulas in libris auctorum memoratas invenimus.

(Tá mórán oileán eile le fáil san Aigéan Briotanach thuaidh, agus is féidir iad a bhaint amach ó oileáin thuaisceartacha na Breataine i gceann dhá lá agus dhá oíche le cóir agus le seolta lána. Dúirt sagart cráifeach liom gur shroich sé ceann acu i soitheach dhá shraith rámh i gceann dhá lá samhraidh agus oíche. Tá formhór na n-oileán seo beag; tá caolais chúnga eatarthu, agus ar feadh beagnach céad bliain bhí dithreabhaigh ina gcónaí ann a thagadh thar muir ó Éirinn, ar dtír féin, cé go raibh na hoileáin bánaithe ó thús an domhain roimhe sin. Anois, agus na dithreabhaigh ruaigthe ag creachairí Lochlannacha, tá siad lán den uiliomad tréad agus de neart éan de shaghsanna éagsúla. Ní bhfuaireamar trácht ar na oileáin seo i leabhair údar eile.)

Ní dóigh le scoláirí éigin go bhfuil Dicuil iontaofa; tá amhras ag cuid acu ar fhoinsí liteartha na hÍoslainne fin, a scríobhadh i dtimpeallacht Chríostaí chun a thaispeáint go raibh cearta tosaíochta ag an Eaglais. Bhí Críostaithe i measc na lonnaitheoirí Lochlannacha sna Scigirí, mar is léir ó na crosa adhmaid (a bhí déanta, b'fhéidir, ar mhúnla cros Éireannach nó Albannach) a fuarthas ag feirm ársa

1 *Navigatio Sancti Brendani Abbatis*: http://www.hs-augsburg.de/~harsch/Chronologia/Lspost10/Brendanus/bre_navi.html

2 Caibidil IX.

3 Caibidil XII.

4 http://penelope.uchicago.edu/Thayer/L/Roman/Texts/Dicuil/De_mensura_orbis_terrae/text*.html

Toftanes ar Eysteroy. B'fhéidir, freisin, go bhfuil rian clóis chruinne na seanteampall Éireannach ar chlóis den saghas céanna sna Scigirí agus san Íoslainn.

Áitítear go bhfuil bunús Meán-Ghaeilge leis na focail a leanas i bhFaróis: 'blak/blaðak' (*bláthach*); 'drunnur' – tóin ainmhi (*dronn*); 'grúkur' – ceann (*gruaig*); 'lámur' (*lámh*); 'tarvur' (*tarbh*); 'ærgi' – féarach (*áirge: áiri* i Nua-Ghaeilge).

Tugann daoine feithidí leo agus iad ag dul ar imirce. Dealraíonn sé gurbh é an priompallán *A. lapponum* an chéad fheithid antrapaicóir (i.e. scaipthe ag daoine) sna Scigirí é. Is é an priompallán seo an fheithid is tábhachtaí den saghas sin san Íoslainn nó sna Scigirí, agus spéiceas é a bhaineann ó cheart leis an tuaisceart agus leis na sléibhte. Dá mba ó Éirinn nó ó Albain do na chéad lonnaitheoirí ní dócha ar chor ar bith gurbh é an priompallán seo a thioctadh in éineacht leo sa bhallasta nó i measc na n-earraí. Bheadh súil agat leis, áfach, i longa ón Iorua. Is gá, mar sin, breis fianaise a lorg i measc iarsmaí féir nó eile i strataim dheimhnithe.

Fágann sin ceist na pailine gránaí. Is minic gráinní móra aonphóireacha le fáil i bhfosuithe roimh an lonnú Lochlannach, chomh fada siar leis an 6ú haois. D'fhéadfaí iad a mhíniú mar phailin ghránach ó seanbharraí nó mar tháithean fiáin (*Lymus arenarius*). Is gearr, áfach, ó tháinig eolaithe de chuid Ollscoil Obar Dheathain ar phailean ghránach ón ré réamh-Lochlannach, más fíor: is é an deacracht atá ann ná gur in ithir chreimthe shuaite a fuarthas í, agus tá siad ag súil anois go bhféadfaidh siad samplaí dea-chaomhnaithe a fháil i móin.

Tá stráicí fada ar bhruacha claonta na n-aillte agus iad luaite uaireanta mar pháirceanna a rinne na manaigh; ach ní dócha go saothrófaí a leithéidí agus talamh méith le fáil, cé gur léir gur daoine a rinneadh iad. Tá leasú maith le fáil san ithir, áfach, de bharr a bhfuil ann de chac na n-éan; d'fhéadfaí an ithir sin a scamhadh agus é a chur mar leasú ar na páirceanna cearta, nós a bhí coitianta i dtuaisceart na hEorpa.

'A palaeoecologist's view of landnam: A case still not proven?': P. C. Buckland & E. Panagiotakopulu: <http://www.geos.ed.ac.uk/research/globalchange/group5b/QuatEnt/BucklandPanagiotakopulu2008a.pdf>

Navigatio Sancti Brendani Abbatis: http://www.hs-augsburg.de/~harsch/Chronologia/Lspost10/Brendanus/bre_navi.html

Dicuil: http://penelope.uchicago.edu/Thayer/L/Roman/Texts/Dicuil/De_mensura_orbis_terrae/text*.html

Science Nordic, 28 January 2013: <http://sciencenordic.com/new-signs-pre-viking-life-faroe-islands>

'The nature of the Viking Age settlement of the Faroe Islands': Jamie Barnes: http://www.academia.edu/2531097/The_nature_of_the_Viking_Age_settlement_of_the_Faroe_Islands

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.



Leaganacha simplithe

Séamas Goodman, fear ceoil

Ar 16 Aibreán 2013 thug Miriam Uí Dhonnabháin, scoláire ó Éirinn, caint ag seimineár léinn Éireannaigh i gColáiste Newman, Olscoil Melbourne. Bhí sí ag caint ar Shéamas Goodman (1828-1896), píobaire, bailitheoir ceoil, file Gaeilge agus ministir de chuid Eaglais na hÉireann.

Tá iomrá éigin le Goodman i measc píobairí de bharr *Tunes of the Munster Pipers*, leabhar a d'fhoilsigh Hugh Shields sa bhliain 1998 ó lámhscríbhínní le Goodman. Rud eile is ea lámhscríbhinn na bliana 1857. Ní raibh a fhios ag aon duine go raibh sí ann go dtí an bhliain 2006. Tá nótaí ann, gearrthóga, ceol píobaireachta agus focail amhrán.

Bhí muintir Goodman in Éirinn faoin mbliain 1620; b'as Gloucestershire dóibh ó dhúchas. Bhí beirt dearthár ag Séamas: Seán agus Seoirse. Ba mhinistir i gCiarraí é a n-athair, an tUrramach Thomas Chute Goodman; ba í Mary Gorham a máthair. Tógadh ar fheirm iad agus bhí scoth na Gaeilge acu. Scríobhaidís chun a chéile i nGaeilge.

Is dócha gur thosaigh Séamas ag píobaireacht agus é ina dhéagóir. B'amhránaí maith é freisin.

Chuaigh Séamas i mbun staidéir i gColáiste na Tríonóide sa bhliain 1846. Ina dhiaidh sin chuaigh sé ag obair mar mhinistir. Bhí Goodman ina chónaí i Dhá Dhrom i mBéarra idir na blianta 1858 agus 1867 agus ba sa tréimhse sin a bhailigh sé an chuid ba mhó den cheol a bhí aige. Dhéanadh Goodman píoba a dheisiú saor in aisce, rud a mhealladh a lán píobairí fáin chuige. Ba mhinic ceoltóirí ar aíocht aige chun go mbaileodh sé ceol uathu. 2,300 foinn ar fad a bhailigh sé ó cheoltóirí agus ó fhoinsí eile.

Sa bhliain 1879 ceapadh é mar Ollamh le Gaeilge i gColáiste na Tríonóide. Sheinneadh sé ar an bpíob do lucht léinn an choláiste. Blianta ina dhiaidh sin, i 2006, tháinig duine dá mhuintir, Gavin Goodman, ar lámhscríbhinn na bliana 1857 i Sasana. Bronnadh ar Leabharlann Choláiste na Tríonóide í.

Na Scigirí: Oileáin Faró agus na nGael

Tá ocht n-oileán déag sna Scigirí (a dtugtar Oileáin Faró orthu go hoifigiúil). Is é Tórshavn an phríomhbhaile. Tá siad le fáil san Atlantach Thuaidh idir an Iorua, an Íoslainn agus Albain: oileáin ghlasa ghaofara. Bíonn gaoth láidir aniar ann. Níl an aeráid ródhian, a bhuíochas sin ar Shruith na Murascaille, agus tá neart féir ann dá bharr. Sa bhliain 2012 bhí 49,483 duine ann.

B'fhéidir gur chuir manaigh Éireannacha ann go luath sa séú haois. Tháinig lonnaitheoirí Lochlannacha ansin ó Inse Ghall, ó Oileán Mhanann, agus ó Inse Shealtainn timpeall na bliana 800. Bhí lonnaitheoirí ón Iorua ann faoin mbliain 900. San aonú haois déag tháinig na hoileáin faoi smacht Rí na hIorua. Ansin tháinig siad faoi smacht na Danmhairge. Ghéill na Faróigh don Phrotastúnachas sa séú haois déag. Sa naoú haois déag athbhunaíodh oireachtas áitiúil agus thosaigh daoine ag cur na Faróise chun cinn mar theanga oifigiúil.

Sa Dara Cogadh Domhanda ghabh na Briotanaigh na hoileáin, agus i ndiaidh an chogaidh fuair na hoileáin rialtas dúchais. Tá tabhacht ar leith anois le feirmeoireacht éisc. Tá tionscadal ar bun anois chun seicheamh DNA gach Faróch a thaifeadadh ar son taighde leighis ar fud an domhain.

Tá gaol ag an teanga le canúintí iarthar na hIorua, agus sa bhliain 1854 foilsíodh litriú caighdeánaithe. Tá rian stairiúil na sean-Lochlainnise air.

Rian na nGael

Tá sé ráite gur chuir manaigh Éireannacha fúthú ar na Scigirí roimh theacht na Lochlannach. Ní furasta é sin a chruthú. San ochtú haois scriobh Dicuil, manach Éireannach a bhí ina chónaí i Ríocht na bhFranc, cuntas ar oileáin áirithe sa tuaisceart agus ar na manaigh a bhíodh ann sular tháinig na Lochlannaigh. Tá fianaise ann gur thug cuid de na Lochlannaigh an Chríostaíocht Cheilteach isteach leo, agus tá rian na Gaeilge ar an teanga.

Tá taighde á dhéanamh anois ar an saghas arbhair a bhíodh á shaothrú ann. Is gearr ó tháinig eolaithe de chuid Ollscoil Obar Dheathain ar phailean ghránach. Is dóigh leo go mbaineann sé leis an ré réamh-Lochlannach, ach caithfidh siad níos mó taighde a dhéanamh.